

# Eleathanach227

Dé Luain 29 Feabhra 2016

## Seachtain na Gaeilge

Ar fud na tíre - agus ar fud an domhain féin - déanann daoine an-iarracht an Ghaeilge a úsáid ag an am seo den bhliain. Bíonn a lán imeachtaí ar siúl le seans a thabhairt dúinn labhairt as Gaeilge. Tá eolas ar fáil ar an suíomh [www.snag.ie](http://www.snag.ie)

Ar scoil bíonn a lán rudaí eile ar siúl trí mheán na Gaeilge; filíocht, comórtais ealaíne, céilithe, amhránaíocht, agus cluichí spóirt.

Bíonn an oiread sin imeachtaí iontacha ar siúl áfach nach leor aon seachtain amháin dóibh go léir! Mar sin, beidh Seachtain na Gaeilge 2016 ar siúl ó Lá Márta go dtí Lá Fhéile Pádraig (17 Márta) ... seachtain an-fhada!



## Searmanas do dhuaiseanna Oscars

Dé Domhnaigh bhí searmanas ann chun duaiseanna *Oscars* a bhronnadh. Bhí scannáin Éireannacha ainmnithe ar na gearrliostaí do dhuaiseanna éagsúla.

Bhuaigh Ben Cleary duais don ghearrscannán beo-aicsin *Stutterer*. Bhuaigh Brie Larson duais don aisteoir mná is fearr. Is Meiriceánach í Brie, ach bhuaigh sí an duais don ról a bhí aici sa scannán Éireannach *Room*.

Fuair an scannán *Inside Out* duais freisin. Is beochan é agus insíonn sé scéal dúinn faoi chailín óg agus na mothúcháin atá uirthi. Sa scannán tá na mothúcháin cosúil le carachtair agus is iad seo na mothúcháin atá le feiceáil: áthas, brón, eagla, fearg agus déistin.



Na "mothúcháin" sa scannán *Inside Out*.

## 2016: Bliain bhisigh

De ghnáth bíonn 365 lá sa bhliain, ach gach ceathrú bliain bíonn lá sa bhreis i mí Feabhra. De ghnáth bíonn ocht lá is fiche sa mhí sin.

An bhfuil aithne agat ar aon duine a rugadh ar an 29 Feabhra? Na daoine a rugadh ar an lá sin, is féidir leo a mbreithlaethanta a cheiliúradh ar 28 Feabhra nó ar an 1 Márta - nó fanacht go dtí an chéad uair eile a bheidh an 29 Feabhra ann!

Níos mó eolais ag: <http://www.cogg.ie/wp-content/uploads/eureka-8-16.pdf>



## An rugbaí idirnáisiúnta

Dé Sathairn seo caite bhí foireann idirnáisiúnta na hÉireann ag imirt i gcoinne fhoireann idirnáisiúnta Shasana. Bhí an cluiche ar siúl i Londain. D'imir na hÉireannaigh go maith arís, ach bhí a lán imreoirí móra as láthair ar an lá. Tá a lán acu gortaithe.

Bhí an bua ag na Sasanaigh ar an lá. Bhuaigh na hAlbanaigh ar na hIodálaigh freisin sa Róimh, agus bhuaigh na Breatnaigh ar na Francaigh oíche De hAoine sa Bhreatain Bheag.